

Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2026

■ **Aguisíní**



■ Aguisín 1A – Foirm Iarratais (Treoir Ghearr Amháin)

Leideanna agus Míniú

MÍR 1 – Sonraí faoin Iarratasóir

1. Cad é ainm d'eagraíochta?

✓ **Leid:** Úsáid d'ainm oifigiúil cláraithe.

2. Cé hé/hí an príomhtheagmhálaí?

✓ **Leid:** Tabhair ainm an duine atá freagrach as an iarratas seo.

3. Seoladh ríomhphoist

✓ **Leid:** Úsáid seoladh a sheiceáiltear go rialta

4. Uimhir ghutháin

5. Seoladh na heagraíochta

6. Cén saghas eagraíochta atá agat?

✓ **Leid:** e.g., Grúpa Pobail, Eagraíocht Neamhrialtais, Carthanas, Grúpa Deonach.

7. Déan cur síos gearr ar d'eagraíocht (150 focal ar a mhéad)

Míniú: Cabhraíonn sé linn a thuiscint cé thú féin agus an bhaint atá agat leis an oidhreacht.

✓ **Leid:** Luaigh do ghníomhaíochtaí oidhreachta agus rannpháirtíocht an phobail.

MÍR 2 – Achoimre ar an Tionscadal

Míniú: Tugtar léargas gearr dúinn sa mhír seo ar do thionscadal. Cabhraíonn sé linn a thuiscint cad atá ar intinn agat a dhéanamh, cá ndéanfar é, cad a bheidh sna torthaí agus an fáth go bhfuil sé tábhachtach. Bíodh d'fhreagraí gearr, soiléir, agus dírithe ar na príomhfhiricí. Insíonn freagraí láidre dúinn cad atá sa tionscadal, cad a tharlóidh i rith thréimhse an deontais agus cad a bhainfidh tú amach faoi dheireadh.

Cad é teideal do thionscadail?

✓ **Leid:** Bíodh sé gearr — saghas an tionscadail + suíomh/bailiúchán + áit.

Cad a dhéanfaidh tú?

✓ **Leid:** Abair go díreach cad a tharlóidh, cén méid, cén áit agus cathain a bheidh sé déanta. Luaigh modhanna, caighdeáin agus torthaí (e.g. plean, tuarascáil, acmhainn ar líne, taispeántas).

MÍR 3 — Luach Oidhreachta

Mínteoir: Cabhraítear leat sa mhír seo a thaispeáint cén fáth go bhfuil d'oidhrecht tábhachtach agus conas a chosnóidh do thionscadal í amach anseo. Is mian linn tuiscint a fháil ar na rudaí a dhéanann d'oidhrecht tábhachtach do do phobal, cén rioscaí nó deiseanna atá i gceist anois agus conas a dhéanfaidh do thionscadal difríocht bhríoch.

Déantar cur síos soiléir i bhfreagraí níos láidre ar an méid atá i gceist le hoidhrecht, an fáth go bhfuil sí tábhachtach agus conas a chinnteoidh do thionscadal go dtabharfar aire di, go dtiocfar uirthi nó go mairfidh sí go fadtéarmach.

Ní gá duit teanga theicniúil a úsáid — díreach inis dúinn an fáth go bhfuil an oidhrecht seo tábhachtach do do ghrúpa agus do phobal.

Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach don oidhrecht?

✓ **Leid:** Ainmnigh an oidhrecht go soiléir, luaigh a tábhacht, an riosca/deis agus conas a chabhraíonn do thionscadal. Sa chás gur féidir, cuir ainmniú, dáta nó fianaise ar fáil.

Cé a bhainfidh tairbhe?

✓ **Leid:** Ainmnigh grúpaí ar leith, tabhair na líonta daoine, agus tabhair le fios conas a dhéanfaidh siad na torthaí a úsáid nó a rochtain.

Conas a chinnteoidh do thionscadal tairbhí fadtéarmacha?

✓ **Leid:** Déan cur síos ar conas a chruthaíonn an tionscadal tionchar marthanach ar nós trí chaomhnú, rochtain dhigiteach, scileanna leanúnacha nó foghlaim pobail níos fearr.

MÍR 4 — Dea-Chleachtas Oidhreachta

Mínteoir: Cabhraítear leat sa mhír seo a thaispeáint conas a dhéanfar do thionscadal go sábháilte, go freagrach agus ar aon dul le dea-chleachtas aitheanta. Is mian linn caighdeán do mhodhanna oidhreachta agus conas a chuirfidh do thionscadal go dearfach le gníomhú ar son na haeráide agus an bhithéagsúlacht a thuiscint.

Mínítear i bhfreagraí níos fearr cé atá ag tacú le do thionscadal, cén caighdeán nó treoirlínte a gcloífidh tú leo agus conas a chosnaítear an oidhrecht agus an timpeallacht nádúrtha i do chur chuige.

Ní gá teanga theicniúil a úsáid — díreach inis dúinn conas a chinnteoidh tú go ndéanfar an obair i gceart, trí ábhair oiriúnacha, saintreoir agus modhanna ísealtionchair inbhuanaithe a úsáid.

Cén gairmithe oidhreachta cáilithe atá bainteach?

✓ **Leid:** Ainmnigh gach gairmí, a ról agus a gcáilíochtaí bainteacha (e.g., Ailtire Caomhantais Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), caomhnóir creidiúnaithe, éiceolaí, seandálaí). Úsáid téarmaí gairmiúla aitheanta.

✓ **Leid:** Mura baill de do ghrúpa nó d'eagraíocht na gairmithe oidhreachta atá ag tacú le do thionscadal, caithfidh tú a gcostais iomlána a chur san áireamh i mbuiséad do thionscadail.

Conas a thabharfaidh tú aire cheart don oidhreacht agus an comhshaol á chosaint?

✔ **Leid:** Luaigh na caighdeáin nó na treoirlínte a gcloífidh tú leo, an chomhairle a gheobhaidh tú agus an cur chuige ísealtionchair inbhuanaithe a úsáidfidh tú. Inis dúinn conas a chuirfidh tú cosc ar dhíobháil do ghnáthóga, an fiadhúlra agus an comhshaol níos fairsinge.

MÍR 5 – Leas an Phobail agus Ionchuimsiú

Mínteoir: Cabhraítear leat sa mhír seo a thaispeáint conas a rachaidh do thionscadal chun tairbhe do dhaoine agus a roinnfidh sé an oidhreacht níos leithne. Is mian linn a thuiscint conas a bheidh an pobal bainteach, conas a dhéanfaidh tú do ghníomhaíochtaí fáilteach agus ionchuimsitheach, conas a aithneoidh tú tacaíocht na Comhairle Oidhreachta agus conas a roinnfidh tú do chuid foghlama le daoine eile.

Neartaíonn na gníomhartha sin tionchar poiblí do thionscadail, cabhraíonn siad le do phobal a mhothú go bhfuil siad bainteach agus go léirítear meas orthu agus ligeann siad do ghrúpaí eile foghlaim ó d'obair. Ní gá teanga theicniúil a úsáid — díreach mínigh go soiléir conas a bheidh do thionscadal oscailte, inrochtana, agus cabhrach do réimse fairsing daoine.

1. Conas a bheidh an pobal bainteach i do thionscadal?

✔ **Leid:** Inis dúinn cén gníomhaíochtaí a chuirfidh tú ar fáil (e.g., ceardlanna, cainteanna, turais, nuashonruithe, suirbhéanna ar líne) agus conas is féidir le daoine páirt a ghlacadh.

2. Conas a dhéanfaidh tú do thionscadal inrochtana agus ionchuimsitheach do gach duine?

✔ **Leid:** Mínigh conas a chuirfidh tú daoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu san áireamh — smaoinigh faoi rochtain fhisiciúil, cumarsáid shoiléir, cúrsaí céadfacha, teanga agus for-rochtain spriocdhírthe.

3. Conas a aithneoidh tú tacaíocht na Comhairle Oidhreachta?

✔ **Leid:** Inis dúinn cá dtaispeánfaidh tú lógó na Comhairle Oidhreachta (ar líne, ábhair chlóite, comharthaíocht) agus conas a thabharfaidh tú aitheantas ó bhéal nó scríofa ag imeachtaí.

4. Conas a roinnfidh tú an méid a fhoghlaimíonn tú le daoine eile?

✔ **Leid:** Déan cur síos ar conas a dhéanfaidh tú do thorthaí poiblí — mar shampla, trí do shuíomh gréasáin, na meáin shóisialta, imeachtaí pobail, gníomhaíochtaí na Seachtaine Oidhreachta nó acmhainní ar féidir iad a íoslódáil.

MÍR 6 – Buiséad

Mínteoir: Cabhraítear sa mhír seo leat a thaispeáint go bhfuil do thionscadal pleanáilte go maith, gur luach maith é ar airgead agus go bhfuil sé réalaíoch ó thaobh airgeadais. Is mian linn a thuiscint cad a chaithfidh tú an deontas air, an fáth go bhfuil gach costas riachtanach agus conas a thacaíonn an buiséad le soláthar rathúil do thionscadail.

Má chosnaíonn do thionscadal **breis agus €25,000**, beidh ort a thaispeáint **conas a bheartaíonn tú íoc as an easnamh** trí mhaoiniú breise, tiomsú airgid, nó acmhainní eile deimhnithe. Cabhraíonn sin lena chinntiú gur féidir do thionscadal a sholáthar go hiomlán laistigh d'amlíne an deontais agus gur

féidir an obair phleanáilte go léir a dhéanamh go freagrach.

Neartaíonn buiséadú soiléir ionraic d'iarratas agus cabhraíonn sé le measúnóirí a thuiscint conas a úsáidfídh do thionscadal cistí poiblí go héifeachtach.

Tábla an bhuiséid

Míitheoir: Liostaigh gach earra, costas, iarraidh ar dheontas agus maoiniú eile.

Mínigh an fáth gurb ionann do chostais agus luach maith

✔ **Leid:** Taispeáin go bhfuil costais riachtanach, réaláíoch agus nasctha le do thorthaí.

MIR 7 – Amlíne

Míitheoir: Taispeántar sa mhír seo go bhfuil do thionscadal pleanáilte go maith, inbhainte amach laistigh de thréimhse an deontais agus eagraithe in ord soiléir. Is mian linn na príomhbhearta a fheiceáil a dtabharfaidh tú fúthu **idir Bealtaine agus Samhain**, cathain a thabharfaidh tú faoi **do ghníomhaíocht i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta** san áireamh. Cabhraíonn amlíne shoiléir le measúnóirí a thuiscint conas a réachtálfar do thionscadal ó thús go deireadh.

Tábla na hamlíne

✔ **Leid:** Cuir garspriocanna réaláíocha ó Bhealtaine go Samhain san áireamh agus taispeáin go soiléir do ghníomhaíocht i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta

MÍR 8 — Ceadanna agus Faomhadh

Míitheoir: Teastaíonn ceadanna, ceadúnais nó toiliú foirmiúil ó roinnt tionscadal sular féidir tosú leo — mar shampla, cead ó úinéir talún, faomhadh do Struchtúr faoi Chosaint, ceadúnais fiadhúlra nó toiliú seandálaíochta. Deimhnítear sa mhír seo go bhfuil an faomhadh ceart i bhfeidhm agat chun tabhairt faoi do thionscadal go freagrach agus go dlíthiúil.

✔ **Leid:** Uaslódáil na ceadanna, na ceadúnais, agus an toiliú riachtanach go léir.

Ní féidir leanúint ar aghaidh le do thionscadal gan an faomhadh ceart.

■ **Aguisín 1B – Freagraí Mionsonraithe Samplacha**

MÍR 1 – Achoimre ar an Tionscadal

Cad a dhéanfaidh tú?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Forbairt Acmhainne)

Cuirfimid sraith oiliúna saor in aisce ar siúl chun scileanna tógála traidisiúnta a athbheochan. Cuirfimid ceithre cheardlann theagmhálacha ar siúl idir Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2026 i gCiarraí Thuaidh faoi stiúir ceardaithe cáilithe caomhnaithe. Foghlaimeoidh rannpháirtithe teicnící saoirseachta, ullmhú aoil agus moirtéal aoil a mheashtar go te a úsáid go sábháilte ag cloí le cleachtas caomhnaithe traidisiúnta. Cuirfear oiliúint i ngach ceardlann ar 12-15 rannpháirtí, úinéirí tí, oibrithe deonacha agus oibrithe oidhreachta ina measc. Cuirfimid uirlisí, ábhair agus nótaí foghlama ar fáil. Cohórt áitiúil oilte, ábhair foghlama dhoiciméadaithe agus acmhainn níos fearr chun foirgnimh thraidisiúnta sa réigiún a dheisiú i gceart a bheidh ar an toradh deiridh.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Coimisiúnóimid ailtire caomhantais chun Plean Bainistíochta Caomhantais (CMP) iomlán a ullmhú do Shéipéal Bhríde, Dún Ard. Críochnófar an plan faoi Shamhain 2026 agus cloífear le treoir Chairt Burra agus caighdeán chaomhnaithe náisiúnta. Áireofar leis sin suirbhé suímh, measúnú ar bhail, taighde stairiúil agus comhairliúchán páirtithe leasmhara leis an bpobal. Leagfar amach sa CMP beartais chaomhnaithe, rioscaí, gníomhartha agus tosaíochtaí a mholtar maidir le haire fhadtéarmach a thabhairt don séipéal.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil

Tabharfaimid faoi dheisiúcháin phráinneacha faoi stiúir an chaomhnaithe ar dhíon Sheanteach Scoile Mhuire, struchtúr faoi chosaint ón naoú haois déag faoi úinéireacht an phobail. Déanfaidh ailtire caomhantais maoirseacht ar dheisiúcháin slinne ‘macasamhail le macasamhail’, tíleanna mullaigh a fheistiú arís, deisiúcháin ar chaolchlárlach adhmaid agus luaidhe a chomhlíonann cód a chur in ionad an fhleasctha. Titfidh na hoibreacha seo amach idir Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2026, agus foilseofar doiciméid iomlána ghrianghrafacha agus tuarascáil ar chríochnú deimhnithe ailtire.

Sampla 4: Catalógú agus Digiú (Cartlanna/Grianghraif)

Déanfaimid thart ar 1,200 grianghraf ó Chartlann Ghrianghraf Pobail an Bhaile Mhóir a chatalógú agus a dhigiú. Cabróidh gairmí creidiúnaithe linn catalóg a chruthú a shásóidh caighdeán MSPI. Beidh gach earra catalógaithe againn faoi Fhómhar 2026 ar scarbhileog Excel agus digitithe trí mhodhanna neamhionracha ardghléine a úsáid. Ullmhóimid plan cúraim simplí freisin maidir le conas a láimhseálfar agus a stórálfar bunearraí. Roinnfear na híomhánna digiteacha go poiblí tríd an ardán ar líne atá againn faoi láthair, www.ballymorearchive.ie, le meiteashonraí, cur síos agus clibeanna chun gur féidir teacht orthu gan stró. Catalóg iomlán, sraith comhad digiteach ar chaighdeán cartlainne agus taispeántas beag ar líne de rogha agus togha na n-íomhánna a bheidh sna torthaí deiridh.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Fostóimid éiceolaí chun suirbhé ar bhithéagsúlacht a dhéanamh inár gceantar áitiúil, de réir na léarscáile suímh atá ar ceangal idir Bealtaine agus Meán Fómhair 2026. Cuirfear i gcuntas sa suirbhé gnáthóga, speicis, agus gnéithe éiceolaíochta a chloíonn le caighdeán suirbhéireachta na

Comhairle Oidhreachta agus an NPWS. Déanfaidh an t-éiceolaí príomhghnáthóga a léarscáiliú, aon speicis chosanta a aithint, agus brúnna ar an mbithéagsúlacht a mheasúnú. Gheobhaimid tuarascáil chuimsitheach suirbhé, léarscáileanna córais faisnéise geografáil (GIS), liostaí speiceas, grianghraif agus moltaí ina measc do ghníomhartha caomhnaithe nó tionscadail bhithéagsúlachta pobail amach anseo. Treoróidh na torthaí ár bplean bithéagsúlachta áitiúla agus bunófar monatóireacht amach anseo orthu.

MÍR 3 — Luach Oidhreachta

Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach don oidhreacht?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Forbairt Acmhainne)

Tógadh go leor dár dtithe, foirgnimh feirme, agus ballaí teorann áitiúla ar bhealaí traidisiúnta. Murach ceardaithe eolacha, tá na struchtúir seo leochaileach i leith deisiúcháin mhíchearta agus díobháil fhadtéarmach. Trí cheardlanna oiliúna a chur ar fáil, tá an deis againn na scileanna seo a athbheochan laistigh dár bpobal féin. Cabhróidh seo linn foirgnimh dhúchasacha a chosaint, tacú le ceirdeanna áitiúla agus an t-eolas luachmhar seo a choimeád beo don chéad ghlúin eile.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhreacht Thógtha)

Tá an tionscadal seo tábhachtach mar gheall gur píosa tábhachtach dár n-oidhreacht thógtha é Séipéal Bhríde, a ghabhann siar go dtí an mheánaois luath agus gur sainchomhartha é leis na cianta. Cé go bhfuil an-chion ag daoine air, tá an foirgneamh ag dul in olcas, síonchaitheamh, taise ag teacht isteach ann agus tá fásra ag fás air ina measc – ar fadhbanna iad sin a chruthaíonn baol go ndéanfar díobháil bhreise dó mura dtéitear i ngleic leo. Tá deis ar fáil anois Plean Bainistíochta Caomhantais atá ar aon dul le Cairt Burra a chur i bhfeidhm chun tuiscint níos fearr a fháil ar thábhacht an tsuímh, na rioscaí is práinní a aithint agus oibreacha amach anseo a phleanáil go freagrach. Cinntíonn sin go leantar leis an séipéal a chosaint, meas a léiriú air agus gur féidir leis an bpobal úsáid a bhaint as go ceann blianta fada amach anseo.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil

Tá an tSeanteach Scoile ar cheann den dornán foirgneamh ón naoú haois déag inár gceantar atá slán go fóill agus is sainchomhartha é a bhfuil an-chion ag daoine inár bpobal air. Tá sí ina mol ríthábhachtach go fóill do chruinnithe, ranganna, imeachtaí cultúrtha, agus gníomhaíochtaí áitiúla, a dhéanann cuid bheo d'fhéiniúlacht ár bpobail di. Tá an foirgneamh ag dul in olcas mar gheall ar uisce atá ag teacht isteach ann, díobháil san áireamh don phlástar, adhmaid struchtúrach agus do na bailchríocha bunúla taobh istigh. Mura ndeiseofar an díon go luath, beidh baol fadtéarmach struchtúrach roimhe agus b'fhéidir go gcaillfear ábhar stairiúil nach féidir a athsholáthar.

Sampla 4: Catalógú agus Digitíú

Tá an obair seo tábhachtach dár n-oidhreacht mar gheall go bhfuil breis agus daichead bliain den saol laethúil – daoine, áiteanna, traidisiúin agus tráthanna a mhúnlaigh ár bhféiniúlacht, i gCartlann Ghrianghraf Pobail an Bhaile Mhóir. Taifid shárлуachmhara iad na grianghraif seo dár stair shóisialta, ach tá go leor díobh ag dul in aois, sobhríste nó á stóráil i ndrochdhálaí. Mura dtéitear i mbun gnímh, tá an baol ann go gcaillfidimid cuid dár gcomhchuimhne. Is féidir linn, trí an mbailiúchán a chatalógú agus a dhigitíú trí chaighdeáin aitheanta a úsáid, na híomhánna seo a chaomhnú go sábháilte, iad a chur ar fáil ar líne agus acmhainn bhuan a chruthú do theaghlaigh, scoileanna, taighdeoirí agus ár

ndiaspóra. Cabhraíonn an tionscadal seo linn bailiúchán oidhreachta a chosaint atá i mbaol a bháis cheana féin.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht Áitiúil (Oidhrecht Nádúrtha)

Níl na sonraí againn faoi láthair a theastaíonn lena thuiscint cén speicis agus gnáthóga atá againn, an áit a bhfuil na brúnna agus conas is féidir linn iad a chosaint. Cruthaítear i suirbhé bonnline ar an mbithéagsúlacht íomhá láidir dár n-oidhrecht nádúrtha. Cabhróidh na torthaí linn athchóiriú gnáthóige, tionscadail phailneora agus gníomhaíochtaí oideachais le scoileanna áitiúla amach anseo a phleanáil. Cinntíonn an obair seo go dtuigtear ár n-oidhrecht nádúrtha, go léirítear meas uirthi agus go gcosnaítear í ag tráth ina bhfuil an bhithéagsúlacht faoi bhrú atá ag dul i méid.

Cé a bhainfidh tairbhe?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Forbairt Acmhainne)

Bainfidh thart ar 50 rannpháirtí – ceardaithe áitiúla, úinéirí tí, agus oibrithe deonacha ina measc – tairbhe dhíreach as scileanna praiticiúla caomhnaithe a fhoghlaim ar féidir leo iad a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh thraidisiúnta inár gceantar. Tacóidh na scileanna seo le haire fhadtéarmach a thabhairt don oidhrecht dhúchasach agus le deisiúcháin mhíchearta a laghdú. Bainfidh an pobal i gcoitinne breis agus 1,000 cónaitheoir áitiúil tairbhe mar gheall go ndeiseofar níos mó foirgnimh stairiúla i gceart. Roinnfear ábhair oiliúna agus nótaí ceardlainne ar líne agus le scoileanna áitiúla agus Botháin na bhFear, a chuirfidh an fhoghlaim ar fáil do líon breise idir 200 agus 300 duine. Neartóidh an tionscadal, san fhadtéarma, acmhainn ár bpobail chun aire a thabhairt dá oidhrecht thógtha.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Bainfidh thart ar 400 cónaitheoir áitiúil, ball den pharóiste, agus oibrí deonach oidhreachta tairbhe as plean soiléir praiticiúil a bheith ann maidir le haire fhadtéarmach a thabhairt do Shéipéal Bhríde. Is féidir leis an oifigeach oidhreachta údarás áitiúil, an t-aitire caomhantais, agus conraitheoirí amach anseo an CMP a úsáid chun na hoibreacha go léir ar an suíomh a threorú. Úsáidfidh scoileanna áitiúla (thart ar 120 scoláire) míreanna staire an doiciméid do staidéar áitiúil agus beidh cuairteoirí agus taighdeoirí in ann teacht ar an bplean ar shuíomh gréasáin ár ngrúpa. Cinntíonn an CMP go bhfuil eolas iontaofa ag gach duine don chinnteoireacht, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil

Bainfidh breis agus 600 cónaitheoir áitiúil a úsáideann an foirgneamh do chruinnithe, ranganna, agus imeachtaí cultúrtha tairbhe as spás sábháilte aimsirdhíonach. Tugann dhá scoil áitiúla (thart ar 180 dalta) cuairt gach bliain le haghaidh tionscadail staidéir áitiúil. Leanfaidh ár ngrúpa staire áitiúla, Bothán na bhFear agus oibrithe deonacha leis an bhfoirgneamh a úsáid do ghníomhaíochtaí oidhreachta.

Sampla 4: Catalógú agus Digitíú (Cartlanna/Grianghraif)

Beidh an tionscadal seo bríoch do theaghlaigh áitiúla (thart ar 300 teaghlach), a gcuirfeadh íomhánna caomhnaithe dá ngaolta agus de stair a bpobail ar fáil dóibh. Is féidir le scoileanna agus grúpaí óige (thart ar 180 duine óg) an bailiúchán digitithe a úsáid do mhodúil staire agus tionscadail chruthaitheacha. Beidh staraithe áitiúla, taighdeoirí, agus grúpaí oidhreachta (thart ar 20-30 duine) in ann teacht ar chartlann atá go hiomlán catalógaithe agus inchuardaithe. Bainfidh ár bpobal

diaspóra (líon measta 2,000 duine ar fud an domhain) tairbhe freisin, mar gheall go mbeidh fáil gan stró ar na grianghraif trínár n-ardán ar líne. Bainfidh oibrithe deonacha atá bainteach i gcatalógú agus scanadh (thart ar 10-12 dhuine) tairbhe as scileanna nua agus taithí theagmhálach ar chaighdeáin oidhreachta, cosúil le MSPI agus SPECTRUM.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Tacóidh an suirbhé bonnlíne le scoileanna áitiúla (thart ar 200 scoláire) trí shonraí cruinne bithéagsúlachta a thabhairt dóibh d'fhoghlaim agus tionscadail taobh amuigh. Úsáidfidh grúpaí áitiúla agus oibrithe deonacha Bailte Slachtmhara (15-20 duine) na torthaí chun tionscadail chuir plandaí pailneora, athchóirithe gnáthóige agus ghníomhaithe ar son na haeráide a dhearadh. Tabharfar treoir shoiléir d'fheirmeoirí agus úinéirí talún áitiúla ar na gnáthóga a bhainistíonn siad agus deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Bainfidh an pobal i gcoitinne (daonra thart ar 1,500) tairbhe as teacht oscailte a fháil ar léarscáileanna suirbhé agus liostaí speiceas ar ár suíomh gréasáin. Beidh oifigigh bhithéagsúlachta agus oidhreachta údaráis áitiúil ábalta na sonraí a úsáid i bpleanáil agus i gcinnteoireacht amach anseo maidir leis an gcomhshaol.

Conas a chinnteoidh do thionscadal tairbhí fadtéarmacha?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta

Imrítear tionchar marthanach sna ceardlanna trí scileanna tógála traidisiúnta atá i mbaol a athbheochan laistigh dár bpobal. Beidh rannpháirtithe ábalta na scileanna seo a chur i bhfeidhm ar fhoirgnimh áitiúla i bhfad i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích, a chabhróidh leo a chinntiú go ndeisítear struchtúir i gceart. Roinnfear na nótaí oiliúna agus na taispeántais ar líne, chun gur féidir le foghlaimoírí amach anseo tairbhe a bhaint freisin. Laghdóimid brath ar speisialtóirí seachtracha tríd an acmhainn áitiúil a neartú agus cabhróidh sin leis an ailtireacht dhúchasach a chosaint i gCiarraí Thuaidh go ceann blianta fada amach romhainn.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais

Cinntíonn ár dtionscadal go mbainfear tairbhí fadtéarmacha trí chreat soiléir dea-chleachtas a thabhairt dúinn do gach cinneadh amach anseo a dhéanfar faoi Shéipéal Bhríde. Tabharfar sonraí sa Phlean Bainistíochta Caomhantais ar thábhacht an fhoirgnimh, leagtar tosaíochtaí caomhnaithe amach ann, agus treorófar deisiúcháin chun go gcloíonn siad le modhanna cearta. Ciallaíonn sin go mbeidh oibreacha amach anseo níos inbhuanaithe, níos eolaí, agus níos éasca lena maoiniú. Déanfar acmhainn bhuan den phlean dár bparóiste, oibrithe deonacha, oifigigh oidhreachta agus chaomhantais, agus conraitheoirí, a chinntíonn go dtabharfar aire chomhsheasmhach don séipéal ó ghlúin go glúin.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil

Déanfaidh an díon a dheisiú daingne fhadtéarmach an tSeantí Scoile a chosaint, cuirfidh sé cosc ar dhíobháil leanúnach uisce agus cosnóidh sé bunábhair ón naoú haois déag nach féidir a athsholáthar. Trí dhul i ngleic le príomhfhoinsé an mheatha anois, cosnóimid an foirgneamh ar feadh roinnt mhaith blianta agus laghdóimid an dóchúlacht go mbeidh idirghabháil níos ionraí nó níos

costasaí ag teastáil amach anseo. Cinntíonn na hoibreacha seo gur féidir leanúint le himeachtaí pobail, taispeántais, seisiúin staire béil agus gníomhaíochtaí staidéir áitiúil a chur ar siúl san fhoirgneamh, a neartaíonn a fheidhm mar shócmhainn oidhreachta beo.

Sampla 4: Catalógú agus Digiú Chartlann Ghrianghraf Pobail an Bhaile Mhóir (1940-1985)

Cruthaíonn catalógú agus digiú na cartlainne tairbhí fadtéarmacha trí chóipeanna digiteacha ardchaighdeán a chruthú atá sábháilte ó mheath fisiciúil. Cinntíonn an chatalóg ar líne gur féidir lenár bpobal, scoileanna agus diaspora teacht ar an mbailiúchán go ceann blianta fada. Tá taifid á gcruthú againn, trí chaighdeán aitheanta chatalógaithe a úsáid, ar féidir iad a nuashonrú, a roinnt agus a chaomhnú san fhadtéarma. Forbraíonn an tionscadal acmhainn áitiúil freisin – foghlaimíonn ár n-oibrithe deonacha scileanna digiteacha agus cartlainne nua ar féidir linn iad a úsáid do bhailiúcháin phobail amach anseo.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Cruthaíonn an tionscadal seo tairbhí fadtéarmacha trí shonraí éiceolaíochta iontaofa a thabhairt dúinn a threorídh ár ngníomhartha bithéagsúlachta go ceann blianta fada. Déantar bonnlíne de na léarscáileanna agus na speicis ar féidir linn iad a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar athrú, tionscadail ghnáthóige a dhearadh agus eolas a thabhairt do scoileanna agus grúpaí comhshaoil. Trína thuiscint cén gnáthóga agus speicis atá againn anois, is féidir linn dul i mbun gníomh spriocdhírthe éifeachtach chun iad a chosaint. Spreagtar sa suirbhé chomh maith foghlaim leanúnach pobail, a chabhraíonn le daoine a mhothú go bhfuil ceangal acu leis na tírdhreacha a úsáideann siad gach lá.

MÍR 4 — Dea-Chleachtas Oidhreachta

Cén gairmithe oidhreachta cáilithe atá bainteach?

Formáid Tábla – Gairmithe Oidhreachta

Ainm / Ról	Cáilíochtaí agus Creidiúnú Gairmiúil	Speisialachas / Taithí Bhainteach	Na Rudaí a Dhéanfaidh siad sa Tionscadal seo	An bhfuil siad lasmuigh de do Ghrúpa?
e.g., Ailtire Caomhantais	Creidiúnú Caomhnantais Ghrád 2 RIAI	Caomhnú foirgneamh traidisiúnta; deisiú creatlaí stairiúla	Ráiteas modha ullmhaithe; maoirseacht déanta ar oibreacha; sonraí tugtha faoi na hábhair; críochnú deimhnithe	Tá / Níl
e.g., Éiceolaí	MSC san Éiceolaíocht; Ball de CIEEM	Suirbhéanna ar ghnáthóga; measúnú ar speicis chosanta	Suirbhé déanta ar bhithéagsúlacht; léarscáileanna cruthaithe; doiciméid seolta chuig an NBDC	Tá / Níl
e.g., Caomhnóir Creidiúnaithe	Creidiúnú ICRI	Caomhnú páipéir/earraí	Bail measúnaithe; cóireálacha molta	Tá/Níl

Conas a thabharfaidh tú aire cheart don oidhreacht agus an comhshaol á chosaint?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Saoirseacht agus Teicnící Aoil)

Úsáidfidimid modhanna tógála atá oiriúnach don chaomhnú agus a imríonn tionchar íseal atá á múineadh ag ceardaithe cáilithe a bhfuil an taithí aitheanta caomhnaithe acu. Cloífidh gach teicníc a úsáidtear i rith ceardlann — meascadh aoil the, cóiriú cloiche, agus pointeáil san áireamh — le treoir dhea-chleachtais d'fhoirgnimh thraidisiúnta.

Aimseoimid cloch agus aol áitiúil, sa chás gur féidir, athúsáidfidimid ábhair tharrthálais i rith taispeántí agus seachnóimid táirgí atá bunaithe ar stroighin chun an comhshaol a chosaint. Bainisteofar dramhaíl uisce agus aoil go sábháilte agus gheofar réidh leis de réir treoirlínte comhshaoil.

Cuirfidimid ceardlanna ar siúl taobh amuigh nó i spásanna faoi sholas nádúrtha chun úsáid fuinnimh a theorannú, agus soláthrófar na hábhair foghlama go léir go digiteach, sa chás gur féidir, chun clódóireacht a laghdú.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhreacht Thógtha)

Cloífidimid le dea-chleachtas oidhreachta trí ailtire caomhantais Ghrád 1 a fhostú a threoróidh ár n-obair trí chaighdeáin aitheanta a úsáid, cosúil le Cairt Burra agus na Treoirlínte maidir le Cosaint Oidhreachta Ailtireachta. Cinntíonn an cur chuige seo go ndéanaimid cinntí bunaithe ar an bprionsabal idirghabhála íosta, trí úsáid a bhaint as measúnuithe fianaisebhunaithe chun bunábhar Shéipéal Bhríde a chosaint.

Chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, tabharfar faoi gach cigireacht suímh, sa chás gur féidir, trí thaisteal ísealcharbóin agus beidh na modhanna suirbhé neamh-mhillteach. Cinnteoimid go ndéantar aon fhásra a bhaint go hógair agus lasmuigh den séasúr neadaithe éan. Pléifear riosca aeráide sa CMP féin, cosúil le bainistiú taise, teacht aniar stoirme agus straitéisí cothabhála inbhuanaithe a laghdaíonn úsáid fuinnimh agus tionchair charbóin amach anseo.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil (Deisiúcháin Dín)

Cloífidimid le dea-chleachtas caomhnaithe faoi mhaoirseacht ailtire caomhantais Ghrád 2, trí úsáid a bhaint as idirghabháil íosta agus as a mhacasamhail de phrionsabail deisiúcháin chun creatlach stairiúil an tSeantí Scoile a chosaint. Úsáidfear slinnte slána, agus ní chuirfear a mhacasamhail de shlinnte nádúrtha ach in ionad codanna a ndearnadh díobháil dóibh chun údaracht a choimeád agus cur amú a laghdú.

Sula dtosófar na hoibreacha, seiceálfaidh an t-éiceolaí d'ialtóga, gabhláin ghaoithe agus éin neadaithe. Más gá, athróimid cathain a dhéanfar oibreacha lena sheachaint cur isteach orthu agus cloífidimid le haon riachtanais cheadúnais. Aimseoimid ábhair go háitiúil sa chás gur féidir chun astaíochtaí iompair a laghdú, agus déanfar na hábhair go léir a bhainfear a athchúrsáil nó a dhiúscairt go freagrach.

Cinntíonn ár gcur chuige go gcaomhnaítear an foirgneamh go hógair agus go laghdaítear an tionchar carbóin agus go gcosnaítear an bhithéagsúlacht áitiúil.

Sampla 4: Catalógú agus Digitiú Cartlainne Pobail

Cloífidimid le dea-chleachtas trí obair le cartlainnaí creidiúnaithe a chinnteoidh go sásaíonn an catalógú go léir caighdeáin MSPi. Láimhseálfar le grianghraif shobhríste faoi dhálaí rialaithe ina

n-úsáidfeáir tacaíochtaí ar chaighdeán cartlainne chun na bunghrianghraif a chosaint. Chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, úsáidfidimid soilsiú LED, scanóirí ísealfuinnimh agus modhanna digitithe a sheachnaíonn teas nó brú ar earraí. Stórálfaimid ábhair i gcoimeádáin in-athchúrsáilte saor ó aigéad. Bainistíofar gach comhad digiteach trí fhormáidí oscailte neamhdhíslithe a úsáid chun tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Déanfar aon bhunábhair a athshuíomh go freagrach, agus pleanálfar scanadh go héifeachtúil le hastaíochtaí taistil agus úsáide trealaimh a laghdú.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Oibreoidimid le héiceolaí cáilithe a thabharfaidh faoin suirbhé trí mhodhanna neamhionracha úsáid a thagann le caighdeán an NPWS agus na Comhairle Oidhreachta. Déanfar measúnuithe ar ghnáthóga, taifeadadh speiceas, agus léarscáiliú ar bhealach a sheachnaíonn cur isteach ar an bhfiadhúlra, go háirithe i rith tréimhsí íogaire póraithe.

Chun tacú le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta, cinnteoidimid go seoltar taifid an tsuirbhé chuig an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC), a chuireann le monatóireacht náisiúnta agus tuiscint fhadtéarmach ar an éiceolaíocht. Seachnóimid cur isteach neamhriachtanach ar an suíomh i rith obair allamuigh agus cloífimid le dea-chleachtas bithshlandála chun cosc a chur ar speicis ionracha a scaipeadh.

Cabhróidh na moltaí a fhaighimid linn gníomhartha ísealcharbóin a thacaíonn leis an mbithéagsúlacht a dhearadh, cosúil le plandaí pailneora a chur, gnáthóga a athchóiriú agus réitigh aeráide dhúlra bhunaithe.

MÍR 6 – Leas an Phobail, Ionchuimsiú agus Eolas

Conas a bheidh an pobal bainteach?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Saoirseacht agus Teicnící Aoil)

Cuirfidimid ceithre cheardlann theagmhálacha saor in aisce ar siúl d'úinéirí tí, oibríthe deonacha, agus ceardaithe áitiúla. Cuirfidimid lá taispeántais taobh amuigh ar siúl freisin inar féidir leis an bpobal féachaint ar na ceardaithe i mbun oibre.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Cuirfidimid dhá sheisiún comhairliúcháin phoiblí ar siúl chun ionchur an phobail a bhailiú ar chúram agus úsáid an tséipéil amach anseo. Roinnfimid dréacht-torthaí agus cuirfidimid turais threoraithe ar fáil i rith na Seachtaine Oidhreachta, chun gur féidir le daoine a fheiceáil conas a chosnóidh an Plean Bainistíochta Caomhantais an foirgneamh tábhachtach seo.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil (Deisiúcháin Dín)

Cuirfidimid tráthnóna eolais don phobal ar siúl sula dtosófar na hoibreacha chun go dtuigeann daoine cad atá á dheisiú agus an fáth atá leis. Cuirfidimid caint ar an láthair ar siúl i rith na Seachtaine Oidhreachta lenár n-ailtire caomhantais ina míneofar an cur chuige caomhnaithe.

Sampla 4: Tionscadal Catalógaithe agus Digitithe

Cuirfidimid 'lá cuimhne' pobail ar siúl ina dtabharfar cuireadh do dhaoine cabhrú le daoine agus

áiteanna sna grianghraif a aithint. Cuirfimid taispeántas ar siúl i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta ar conas a oibríonn ár gcartlann dhigiteach nua.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Cuirfimid dhá shiúlóid threoraithe bithéagsúlachta ar siúl lenár n-éiceolaí chun gur féidir le cónaitheoirí foghlaim faoi speicis agus gnáthóga áitiúla. Roinnfimid torthaí an tsuirbhé i rith na Seachtaine Oidhreachta ag caint áitiúil agus ar líne.

Conas a dhéanfaidh tú do thionscadal inrochtana agus ionchuimsitheach?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Saoirseacht agus Teicnící Aoil)

Beidh ceardlanna saor in aisce agus cuirfear ar bun iad in ionad inrochtana. Cuirfimid cruinnithe faisnéise sábháilteachta ar fáil i bhfriotal neamhchasta, cuirfimid amanna ciúine amhairc ar fáil do rannpháirtithe néara-éagsúla agus fáilteoidimid roimh rannpháirtithe ar gach aois agus leibhéal scileanna.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Ionad inrochtana é Séipéal Bhríde, agus cuirfimid achoimrí i gcló mór agus i bhfriotal neamhchasta ar fáil agus roinnfidimid na hábhair ar líne. Déanfaimid teagmháil le cónaitheoirí níos aosta, grúpaí imirceach agus grúpaí míchumais lena chinntiú go mothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad á gcur san áireamh.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil (Deisiúcháin Dín)

Cuirfimid nuashonruithe soiléire i bhfriotal neamhchasta, roghanna inrochtana ionaid do chruinnithe, agus clár dul chun cinn bunaithe ar ghrianghraif ar fáil ag an ionad pobail dóibh siúd nach n-úsáideann an t-idirlíon.

Sampla 4: Tionscadal Catalógaithe agus Digitithe

Cuirfimid ábhar digiteach ar fáil agus oibreoidimid leis an leabharlann áitiúil lena chinntiú go bhfuil teacht ag daoine nach bhfuil idirlíon sa bhaile acu ar an mbailiúchán ar líne.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Roghnóimid bealaí siúil inrochtana agus cuirfimid ábhair ar fáil i bhfriotal neamhchasta. Roinnfimid leagan taifeadta den chaint ar líne freisin.

Conas a aithneoidh tú tacaíocht na Comhairle Oidhreachta?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Saoirseacht agus Teicnící Aoil)

Cuirfimid lógó na Comhairle Oidhreachta san áireamh ar gach póstaer ceardlainne, foirm áirithe, bileog shábháilteachta agus postáil ar na meáin shóisialta. Tosófar gach ceardlann le buíochas ó bhéal.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Taispeánfaimid lógó na Comhairle Oidhreachta ar gach ábhar clóite agus digiteach, sa dréachtphlean agus sa phlean deiridh san áireamh. Cuirfimid é san áireamh freisin i nuachtlitr

an pharóiste, ag cruinnithe pobail agus tabharfaimid aitheantas ó bhéal i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil (Deisiúcháin Dín) Sampla 4: Tionscadal Catalógaithe agus Digitithe

Beidh lógó na Comhairle Oidhreachta le feiceáil ar leathanach lamairne ár gcartlainne digití, ar nuashonruithe ar na meáin shóisialta, agus in aon taispeántais nó cainteanna a bhaineann leis an mbailiúchán. Aithneoidimid tacaíocht i bpreaseisiúintí agus ar bhileoga clóite

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Taispeánfaimid lógó na Comhairle Oidhreachta sa tuarascáil bhithéagsúlachta deiridh, ar léarscáileanna, in ábhair ar líne, agus ar shleamhnáin imeachta. Tosófar gach siúlóid threoraithe agus caint le buíochas ó bhéal.

Conas a roinnfidh tú an méid a fhoghlaimíonn tú?

Sampla 1: Oiliúint Scileanna Traidisiúnta (Saoirseacht agus Teicnící Aoil)

Déanfaimid gearrthóga físe de phríomhtheicnící a thaifeadadh (e.g., moirtéal aoil a mheascadh) agus iad a roinnt ar líne mar uirlisí foghlama oscailte. Cruthóimid agus foilseoimid leabhrán leictreonach scríofa gearr freisin ina dtabharfar achoimre ar na scileanna a mhúintear.

Sampla 2: Plean Bainistíochta Caomhantais (Oidhrecht Thógtha)

Foilseoimid an Plean Bainistíochta Caomhantais ar ár suíomh gréasáin, cruthóimid postálacha agus naisc ar ár n-ardáin mheán sóisialta, eiseoidimid achoimre do na meáin áitiúla agus cuirfimid na torthaí i láthair ag caint phobail.

Sampla 3: Oibreacha Caomhnaithe ar Fhoirgneamh Stairiúil (Deisiúcháin Dín)

Foilseoimid taifead grianghraf ‘roimh’ and ‘i ndiaidh’ agus tabharfaimid míniú i bhfriotal neamhchasta ar na modhanna caomhnaithe trínár leathanaigh Instagram agus Facebook. Roinnfear Tuarascáil ar Chríochnú an Ailtire le coimeádaithe foirgnimh eile sa cheantar mar shampla deachleachtas.

Sampla 4: Tionscadal Catalógaithe agus Digitithe

Cruthóimid treoir ghearr maidir le bailiúcháin phobail a chatalógú, iad a roinnt ar líne, agus cás-staidéar a chur i láthair grúpaí oidhreachta áitiúla. Beidh fáil gan stró ar ár n-íomhánna digitithe ar ár suíomh gréasáin agus beidh rochtain oscailte orthu.

Sampla 5: Suirbhé Bonnline ar an mBithéagsúlacht

Foilseoimid an tuarascáil suirbhé, léarscáileanna GIS, agus treoir shimplí fairtheora speiceas ar ár suíomh gréasáin. Seolfar taifid dheimhnithe bhithéagsúlachta chuig an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, agus roinnfidh na torthaí trínár leathanach Facebook.

Tábla Samplach Buiséid (Níl ann ach Sampla)

(Ar mhaithe le léiriú – níl na figiúirí fíor)

Mír	Cur Síos	Costas (€)	Iarratas ar Dheontas ón CO (€)	Maoiniú Eile (€)	Foinse an Mhaoinithe Eile
Táillí Ailtire Caomhantais	Maoirseacht agus tuairisciú	3,500	3,500	–	–
Sainchonraitheoir Díonlaigh	Oibreacha caomhnaithe	19,400	19,400	–	–
Éiceolaí	Cigireacht réamhoibreacha don fhiadhúlra	1,200	1,200	–	–
Imeacht Comhairliúcháin Pobail	Ionad a fháil ar cíos x 2	600	600	–	–
Imeachtaí Comhairliúcháin Pobail x 2	Sólaistí	300	300	–	–
Costais Imeacht na Seachtaine Oidhreachta	Sólaistí Éadroma	500		500	Deontas Pobail Údaráis Áitiúil
IOMLÁN		25,500	25,000	500	—

Mínigh an fáth gurb ionann do chostais agus luach maith

Taispeántar san alt gearr seo d'iarratasóirí conas údar a thabhairt leis an tábla.

Bunaítear na costais go léir ar luachaintí ó ghairmithe agus soláthraithe cáilithe. Cinntíonn táillí an ailtire caomhantais agus an chonraitheora go ndéantar na deisiúcháin dín go sábháilte agus ar chaighdeán dea-chleachtais. Íocann táille an éiceolaí as an tseiceáil fiadhúlra riachtanach sula ndéanfar na hoibreacha. Cinntíonn gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus na Seachtaine Oidhreachta rannpháirtíocht láidir an phobail.

Mar gheall gurb é an costas iomlán €25,500, íocfaimid as an easnamh €500 trí Dheontas Pobail Údaráis Áitiúil. Cinntíonn sin gur féidir an tionscadal a sholáthar go hiomlán laistigh d'amlíne an deontais.

MIR 7 – Amlíne

Tábla na hAmlíne

(Ar mhaithe le léiriú – freagraí samplacha)

Garsprioc	Dáta	Sonraí
Foireann tionscadail a cheapadh (ailtire/éiceolaí/carlannaí/etc.)	Bealtaine 2026	Conarthaí a dheimhniú, cuairteanna suímh a eagrú, aontú leis an modheolaíocht
Tosú le hobair an tionscadail (e.g., suirbhéanna, digitíú, ullmhú don oiliúint, oibreacha caomhnaithe)	Bealtaine-Meitheamh 2026	Obair luathchéime a dhéanamh, eolas a bhailiú, ábhair a ullmhú
Rannpháirtíocht an phobail / gníomhaíocht comhairliúcháin	Iúil 2026	Cuir seisiún eolais nó ceardlann amháin phoiblí ar siúl
Gníomhaíocht na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta	15-23 Lúnasa 2026	Imeacht poiblí a chur ar siúl, cosúil le caint, turas, ceardlann, taispeáint, nó taispeántas
Leanúint leis an obair thionscadail / moltaí a chur i bhfeidhm	Lúnasa-Deireadh Fómhair 2026	Suirbhéanna, digitíú, anailís, nó tascanna caomhnaithe a dhéanamh
Torthaí (plean, tuarascáil, acmhainn dhigiteach, ábhair oiliúna) a chur i gcrích	Deireadh Fómhair-go luath i Samhain 2026	Torthaí deiridh a dhréachtú, a athbhreithniú agus a ullmhú
An tuarascáil deiridh a sheoladh agus doiciméid a uaslódáil	Faoin 13 Samhain 2026	An tuarascáil deiridh agus fianaise a sheoladh tríd an gcóras deontas ar líne

MÍR 8 — Ceadanna agus Faomhadh

Míitheoir: Seiceáiltear sa mhír seo cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an faomhadh, na ceadanna, na ceadúnais agus an toiliú riachtanach go léir agat chun tabhairt faoi do thionscadal. Cinntíonn iad sin comhlíonadh dlíthiúil agus cleachtas freagrach oidhreachta.

Ba cheart d'iarratasóirí gach ceist a fhreagairt agus doiciméid bhainteacha a uaslódáil.

Seicliosta Ceadanna (Ceisteanna ar an bhFoirm)

Ceist	Freagra
An bhfuair tú gach faomhadh, cead, ceadúnas agus aon toiliú atá ag teastáil ó do thionscadal?	Roghnaigh ceann amháin
An mbaineann obair ar Struchtúir faoi Chosaint le do thionscadal?	Roghnaigh ceann amháin
An mbaineann obair laistigh de nó i ngar do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), Limistéar Oidhreachta Náisiúnta a bheartaítear (pNHA), nó Anaclann Dúlra Náisiúnta (NNR) le do thionscadal?	Roghnaigh ceann amháin
An mbaineann obair ar Shéadchomharthaí Taifeadta, Séadchomharthaí Náisiúnta, nó áit atá á chosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2014 le do thionscadal?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn cead pleanála nó dearbhú Alt 5 ó aon chuid de na hoibreacha?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn cead scríofa ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta nó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann d'oibreacha seandálaíochta, déantáin, nó idirghabháil suímh uait?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn comhaontú scríofa uait le haghaidh sampláil mhillteach nó sainanailís ar earraí?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn ceadúnas urthrá uait ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn litir thoilithe uait ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra d'obair ar thailte ainmnithe (SAC/SPA/NHA)?	Roghnaigh ceann amháin
An bhfuil ceadúnas faoin Acht um Fhiadhúlra ag teastáil chun obair le flóra nó fána faoi chosaint?	Roghnaigh ceann amháin
An dteastaíonn aon fhaomhadh, ceadanna, ceadúnais, comhaontuithe comhpháirtíochta nó toiliú eile uait?	Roghnaigh ceann amháin
Cé leis an talamh, an foirgneamh nó an t-earra ar a mbeidh tú ag obair?	Bosca téacs

Doiciméid Tacaíochta le hUaslódáil

Caithfidh iarratasóirí cóipeanna d'aon fhaomhadh nó ceadanna a theastaíonn a uaslódáil. D'fhéadfaí a áireamh leo sin:

- Cead pleanála nó dearbhú Alt 5
- Cead scríofa ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta nó Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Toiliú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Ceadúnas urthrá
- Ceadúnas faoin Acht um Fhiadhúlra
- Cead ó úinéirí talún nó úinéirí bailiúcháin
- Comhaontuithe do shampláil mhillteach nó sainanailís
- Aon cheadanna, ceadúnais, nó comhaontuithe comhpháirtíochta bainteacha eile

✔ **Leid:** Má tá ceadanna ar feitheamh, uaslódáil cruthúnas den iarratas.

Eolas Breise (más bainteach) Tabhair sonraí breise:

- Má rinne tú iarratas ar cheadanna ach nach bhfuair tú iad go fóill, agus/nó
- Má cheapann tú go dteastaíonn ceadanna breise nach liostaítear thuas.

MÍR 9 – Eolas Tacaíochta

Treoir: Uaslódáil na doiciméid riachtanacha go léir. Úsáid an Seicliosta ar an Treoir maidir le hlarratas lena chinntiú nach bhfuil aon rud ar lár

■ **Aguisín 2: Litreacha Tacaíochta (Treoir d'Iarratasóirí)**

Caithfidh tú ar a laghad dhá litir thacaíochta ó pháirtithe leasmhara nó eagraíochtaí a n-oibríonn tú go dlúth leo a chur san áireamh. Ba cheart do na litreacha seo fíorthacaíocht pobail, eanála, nó comhpháirtithe a léiriú do do thionscadal.

Ní féidir glacadh le litreacha tacaíochta ó:

- Baill de do ghrúpa nó coiste féin
- Aon duine a bhainfidh íocaíocht nó tairbhe airgeadais as an tionscadal Moladh láidir:
- Cuir litir thacaíochta san áireamh ó d'Oifigeach Oidhreachta agus/nó Oifigeach Bithéagsúlachta (iontráil nasc leis an eolaire anseo). Neartaíonn na litreacha seo d'iarratas go mór trí ábharthacht agus dea-chleachtas oidhreachta an tionscadail a dheimhniú.

Má tá litreacha ríomhphoist á n-úsáid

Glactar le ríomhphoist, ach caithfidh tú iad a shábháil mar chomhaid PDF ina bhfuil na meiteashonraí iomlána:

- Seoltóir
- Faighteoir
- Stampa Dáta agus Ama

Cinntíonn sin trédhearcacht agus ligeann sé do mheasúnóirí a chinntiú gur fíor-ríomhphoist iad.

Litir Shamplach

(Iarratas ar Dheontas Pobail)

[Ceann Litreach / Lógó na hEagraíochta]

[Dáta]

Don té lena mbaineann sé,

Táim ag scríobh thar ceann of **[Ainm na hEagraíochta]**, lenár dtacaíocht láidir a léiriú don tionscadal a bheartaítear, ***“Plean Bainistíochta Caomhantais Shéipéal Bhríde, Dún Ard, Contae Chill Chainnigh.”***

Tá Séipéal Bhríde ar cheann de na sainchomharthaí is tábhachtaí ó thaobh cultúir agus ailtireachta inár gceantar, agus baineann breis agus cúig chéad bliain de stair phobail leis. Leanann sé de bheith ina áit thábhachtach tionóil do chónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí agus scoileanna. Cinnteoidh Plean Bainistíochta Caomhantais a fhorbairt go ndéantar staidéar cúramach, measúnú gairmiúil agus bainistiú inbhuanaithe ar an séipéal go fadtéarmach.

Is rídheas linn a thabhairt faoi deara go n-áirítear leis an tionscadal:

- Plean caomhantais cuimsitheach faoi stiúir Ailtire Caomhantais cáilithe;
- Suirbhéanna struchtúracha, bithéagsúlachta agus baile chun cothabháil fhadtéarmach a threorú;
- Seisiúin chomhairliúcháin phoiblí lena chinntiú go múnlaíonn glórtha áitiúla todhchaí an tsuímh;
- Imeacht na Seachtaine Oidhreachta ina roinnfear torthaí leis an bpobal i gcoitinne agus ina spreagar idirchaidreamh lenár n-oidhreacht thógtha.

Bainfidh an pobal tairbhe mhór as an tionscadal seo trí struchtúr stairiúil tábhachtach a chosaint, tacú le foghlaim áitiúil, agus mórtas ceantair a neartú. Cabhróidh sé freisin lena chinntiú gur féidir le glúnta amach anseo leanúint le taitneamh a bhaint as an tsócmhainn oidhreachta seo.

Tá **[Ainm na hEagraíochta]** sásta tacaíocht a thabhairt don tionscadal agus tá siad ag tnúth le comhoibriú nuair is féidir, go háirithe maidir le rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn agus torthaí an tionscadail a roinnt.

Má theastaíonn aon eolas breise uait, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn.

Le dea-mhéin,

[Ainm]

[Ról / Post]

[Ainm na hEagraíochta]

[Ríomhphost] [Guthán]

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council